

An Bord Pleanála: Turascáil Bhliantiúil 2007

Deir Cathaoirleach an Bhoird go gcaithfidh an córas pleanála sa tír seo aghaidh a thabhairt ar an laghdú ar chúrsaí eacnamaíochta agus an dúshlán atá ann maidir le hathrú aeráide.

Ag foilsiú na turascála bliaintúla an Bhoird Pleanála 2007 ar an 6ú lá de mhí na Samhna, 2008, dúirt, an tUasal Seán Ó Conchúir go gcaithfidh an córas pleanála sa tír seo aghaidh a thabhairt ar an laghdú ar chúrsaí eacnamaíochta sa tréimhse atá romhainn agus, ag an am céanna, aire a thabhairt faoin dúshlán atá ann maidir le hathrú aeráide.

D'iarr sé ar na húdaráis pleanála nuair a chuirtear a gcuid Pleananna Forbartha Réachtúla faoi athbhreithniú, chun súil níos géire a chur ar na fíricí nua suntasacha cosúil le hathrú aeráide, costais fuinnimh, an gá chun an toraidh is mó a bhaint as infheistíocht infreastuctúir costasach, cailteanas oidhreachta agus sraoilleáil neamhriachtanach ar talamh maith talmhaíochta. Gan amhras, caithfear athrú a dhéanamh ar chuid den criosú talún a bhí neamhdírthe agus imithe thar fóir agus cuma air anois go bhfuil sé ag dul in aghaidh riachtanais reatha.

Chomh maith le sin, tá sé de dhualgas ar na húdaráis pleanála agus ar an mBord Pleanála nuair a déantar cinntí ar iarratais pleanála chun polasaithe na Pleananna Forbartha a léirmhíniú i dtreo go mbeadh na riachtanais sin á chur chun tosaigh. Ag déileáil le hachomhairc pleanála tá an Bord i gcónaí ag breathnú ar suíomhanna criosaithe atá lonnaithe i bhfad ó áiteanna forbartha, i bhfad ó seirbhísí píopaí, cosáin, soilsíú agus gan deis iompair poiblí a bheith le fáil. Tá roinnt forbairtí eile ag brath ar daoine a bheith ag taisteal chun oibre ar iompar príobháideach. Tá a lán de na forbairtí atá feicthe againn ag dul in aghaidh fháis ordúla na n-áiteanna lonnaithe agus gan úsáid éifeachtúil a bhaint as talamh agus infreastuctúr. Ní raibh an tuairim a bhí ann gur ceart forbairt a chur i bhfeidhm i ngach áit cé chomh tanaí is a bhíonn sí, inchothaithe choíche, agus beidh sí níos inchothaithe fós sa todhchaí – ciocha ó thaobh chúrsaí timpeallachta nó eacnamaíochta de. Caithfear forbairtí sa todhchaí a chur i bhfeidhm a bheith bunaithe sna háiteanna ina mbeidh infheistíocht suntasach poiblí in iarnróid, bóithre, soláthar uisce, áiseanna cóireála fuíolluisce agus oideachais le fáil. Tá gá ann forbairt a chur i bhfeidhm chun go mbeifí in ann na torthaí is fearr a fháil as an infheistíocht ach, ag an am céanna, ní féidir na hinfeistíochtaí seo a dhéanamh i ngach áit agus caithfear an fhírinne seo a chur faoi bhun trí chriosú oiriúnach sna Pleananna Forbartha.

Ó thaobh athraithe aeráide chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gnímh an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil dréacht treoirlínte pleanála a fhoilsiú maidir le tuilte a sheachaint agus, dá bhrí sin, tá súil ag an mBord go mbeidh laghdú ar an méid achomharc in aghaidh cásanna a bhíonn lonnaithe i tuilemhánna, cásanna a bhíonn ceadaithe ag na hÚdaráis Pleanála.

Caithfear acmhainní uisce a chur san áireamh mar srian eile i dtaobh stratéis pleanála forbartha sa toadhcháil. Cheana féin feictear roinnt áiteanna lonnaithe ina bhfuil deacrachtaí ag baint leo chun soláthair uisce óil agus, chomh maith le sin, deacrachtaí acu chun coirp uisce oiriunáil a fháil chun glacadh leis an bhfuíolluisce cóireála gan truailliú a tharlú. Dá bhrí sin, caithfear forbairt a dhíriú chuig áiteanna nach mbeidh na srianta seo ag baint leo, pé chomh conspóideach is atá an tuairim seo. Caithfear costais eacnamaíochta agus timpeallachta chun uisce nó séarachais a phumpáil a chur san áireamh nuair a dhéanfar cinntí pleanála.

Dúirt an tUasal Ó Conchúir freisin go raibh cúis mhaith ann anois ag roinnt de na hÚdaráis Pleanála a bhí Pleananna Forbartha déanta acu le déanaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar cuid den criosú a bhí déanta acu nach raibh inchothaithe agus leasú a chur i bhfeidhm ar a gcuid Pleananna Forbartha. Muna ndéantar, tá níos mó baoil ann go ndiúltoídís an Bord cead pleanála ar talaimh atá criosaithe mar gheall ar cúiseanna ag baint le Polasaí Náisiúnta nó Treoirlínte Pleanála Réigiúnach, agus de bharr sin go n-éireódh seansanna chun cúiteamh a fháil ó na hÚdaráis. Ach, dá gcuirfí feabhas ar an slí a ndéantar Pleananna Forbartha chun na riachtanais nua a chur san áireamh, caithfidh bainistíocht sna Údaráis níos mó airde a thabhairt ar inchothaíocht na bpolaisithe agus ar tairbhe an phobail agus laghdú ar iarrachtaí chun cásanna speisialta a shásúil faoi tailte neamh-oiriúnacha.

Dúirt an Cathaoirleach go bhfuil inní ag an mBord faoin méid cinntí pleanála áitiúla nach leanann na polasaithe atá leagtha amach sa Phlean Forbartha nó sa Phlean Limistéir Áitiúil. Feictear go minic an Bord mar cosantóir níos láidre ar an bPlean Forbartha ná an tÚdarás Pleanála féin a rinne an phlean. Tá impleachtaí suntasacha i gceist a chuireann isteach ar iontaoibh as an gcóras iomlán mar is bunchloch don phróiseis pleanála é an Plean Forbartha reachtúil agus má fheictear nach mbíonn meas ag na hÚdaráis ar a gcuid pleananna féin conas a bhíonn meas ag an bpobal nó fórbroirí orthu?

LÍON CÁSANNA

Fuarthas an méid cásanna is airde, 6,700, riamh anuraidh agus, de bharr sin, bhí riaráiste suntasach fágtha ag deireadh na bliana agus dá bhrí sin bhí tráthúlacht cinntí an Bhoird ag dul siar. Cé go bhfuil titim 16% tar éis teacht ar an méid cásanna de gach shaghas sa chéad deich míosa i gcomparáid leis an méid cásanna gan réamhshampla a bhí faighte anuraidh, níl ach titim 4% i gceist maidir leis an bhfigiúr sa bhliain 2006. Ag deireadh na míosa Dheireadh Fómhair bhí 2780 de cásanna idir lámha, beagnach 250 níos lú ná an méid a bhí ann ag an mbuaicphointe i mhí na Márta seo caite. Ach tá riaráiste 1,000 cás fós ann. Ionas go mbeifí ag súil le laghdú ar an méid cásanna agus leanúint ar aghaidh leis na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar tháirgiúlacht an Bhoird, beifí ag tnúth go mbeadh titim go dtí 2,700 ar an méid cásanna a bheifí idir lámha ag deireadh na bliana. I 2008 níor baineadh an cuspóir reachtúil laistigh de 18 seachtaine ach i gceathrú den achomhairc. Cúis aiféala don Bhord é an mhoill atá ag tarlú maidir le cinneadh achomhairc agus tá súil ag an mBord go mbeadh dul chun cinn suntasach le feiceáil an bhliain seo chugainn maidir leis an tréimhse chuspóra reachtúla a chomhlíonadh.

Laistigh de chásanna iomlán tá laghdú suntasach tar éis tagtha ar an méid achomhairc déanta in aghaidh iarratas 30+ teach. Sa chéad trí cheathrú na bliana fuarthas 297

cásanna i gcompáraid le 403 anuraidh. Bhí roinnt catagóirí cásanna ann i rith na bliana ag éileamh acmhainní suntasacha ina measc forbairtí uirbigh úsáid measctha, cairéil, áiseanna dramhaíola, cásanna infrastruchtúra straitéiseacha faoin Acht 2006.

GNÉITHE GINEARÁLTA I dTUAIRISC 2007

- Seo iad a leanas roinnt de ne gnéithe ginearálta a bhí leagtha amach i dtuarascáil 2007:
- Fanann an ráta freaschuir mar gheall ar chinntí áitiúla a ndearnadh achomharc fúthu an ag figiúir 32% a bhí á malartú ag an mBord
- Bhí méadú beag i gceist maidir leis an méid achomharc chéad páirtithe a bhí diúltaithe ag an údarás pleanáil agus a bhfuair cead ón mBord Pleanála, go dtí 29%, athraithe ó 26% i 2006.

I gcásanna achomharc tríú páirtithe in aghaidh iarratas a bhí ceadaithe ag na húdaráis Pleanála, bhí 37% diúltaithe ag an mBord, laghdú ó 43% i 2006.

GNÍOMHÚ ACHT UM PHLEANÁIL AGUS FHORBAIRT (INFRASTRUCHTÚR STRAITÉISEACH) 2006

Faoi láthair fuair an Bord 98 iarratas nua ó na urraitheoirí tionscadail chun tosú ar chomhairliúcháin réamhiarratais. Tionólaíodh 150 cruinniú. I 68 cásanna cuireadh deireadh leis na comhairliúcháin. I 23 de na cásanna socraíodh ag an mBord gurb cásanna infrastruchtúra straitéiseacha a bhí ann, i 35 de na cásanna ceapadh nach cásanna infrastruchtúra straitéiseacha iad agus aistarraingíodh 10 gcinn eile. Sna cásanna infrastruchtúra straitéiseacha tá a lán ábhar i gceist, ina measc tionscadail a bhaineann le leictreachas, gás, dramhaíl, aerfort, feirmeacha ghaoithe agus iarnróid éagsúla.

Fuair an Bord 8 iarratas foirmiúil “seachtú sceideal” i gcomhair chead pleanála, socraíodh ceithre cinn anois. Baineann na ceithre cinn le stáisiún cumhachta sa Toim, Contae Lú, LNG críochfort gáis i Ráth Lapáin/Cill Cholgan Íochtarach, Contae Chiarraí, aonad dramhaíola bainistíochta sa Droichead, Contae Chill Dara, agus le críochfort coimeádán i Rinn an Scidígh, Contae Chorcaí. Tugadh cead pleanála sa chéad trí chás agus conníollacha suntasacha ceangailte leo agus diúltaíodh cead pleanála i gceann amháin ar cúiseanna a taispeánadh sainordú an Bhoird. Ina theannta sin ceadaíodh dhá cheann ordú iarnróid faoi réir coinníollacha. Socraíodh ceann amháin le hiarratas line leictreachais. As na seacht gcinn bhí cinneadh an Bhoird déanta laistigh den tréimhse chuspóra reachtúil i gcúig cinn. Bhí an meantréimhse chun déileáil leis na cásanna sin ná 21 seachtaine.

Baineann na ceithre cinn iarratais reatha le stáisiún bithmhaise teasa agus cumhachta sa Obair, Contae an Mhí, tionscadal athshaothrú acmhainne i Ráth Cúil, Contae Bhaile Cliath, áiseanna calafoirt i bport Bhaile Átha Cliath agus forbairt measctha ag Críochfort 2 Aerfort Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis na tograí faoin seachtú sceideal a tháinig chun an Bhoird faoin Acht um Phleanáil agus Fhorbairt (Infrastruchtúr Straitéiseach), cúpla togra eile suntasacha a bheidh i gceist ná ionad

píoblíne a bhaineann le gás ghoirt na Corribe agus, ar ndóigh, an Meitreo Tuaisceartach.

FORBAIRT MHIONDÍOLA

Dúirt an tUasal Ó Conchúir go dtaispeánann tuairisc ar an bhforbairt miondíola a bhí foilsithe ag an Údarás Iomaíochta le deánaí go ndeachaigh a lán de na cinntí maidir le forbairtí oll-mhargaí chuig an Bhoird i gcomparáid le forbairtí de shaghasanna eile. D'oibrigh an Bord go hiomlán leis an athbhreithniú ar an earnáil a bhí á dhéanamh ag an Údarás ach tá an Bord cinnte dearfa go gcaithfear, in aon gníomhú a leanann an t-athbhreithniú, a bhí dírithe amháin ar na impleactaí iomaíochta, a chur san áireamh na himpleachtaí níos leithne a bhaineann le cúrsaí sóisialta, chomhsaoil agus pleanála. Glacann an Bord go hiomlán nach bhfuil sé mar dhualgas ag an gcóras pleanála cosc a chur nó a bheith ag maoirsiú ar chúrsaí iomaíochta ach, ag an am céanna, mar chuspóir ag na hÚdaráis Pleanála tá sé an-tábhachtach nach mbeadh na seirbhísí siopadóireachta imithe as lár na mbailte, go mbeadh na hacomhail bóithre tábhachtacha in ann déileáil sa todhchaí, chun go mbeadh seirbhísí siopadóireachta áitiúla le fáil, chun go mbeadh laghdú ann ar an mbéim a chuirtear ar iompar príobháideach agus araile. Go ginearálta, measann an Bord gur baineadh leas as na Treoirlínte 2000 agus gan iad ní bheimis in ann a lán mí-bhuntaistí a sheachaint. In ainneoin go nglactar ag an mBord gur rud maith é a bheith ag breathnú arís ar chuid de na Treoirlínte, tá baol ann go mbeidh costas fad-téarmach le híoc ag an bpobal dá gceadófaí na hionaid siopadóireachta ollmhóra, agus iad tógtha ar na hacomhail bóithre artaireacha, agus bheadh an costas seo i bhfad níos dáiríre ná aon bhuntaiste a bhainfeadh an pobal as na praghasanna níos lú a bheadh ann sa ghearrthearma.

BANISTÍOCHT DRAMHAÍOLA

De bharr na Treorach Eorpach ag cur iallaigh ar na BallStáit an méid dramhaíola atá ag dul chuig líonta talún a laghdú is dóigh leis an mBord go mbeidh níos mó réiteach malartach le fáil agus gheofar na réitigh sin os comhair an Bhoird mar achomhairc nó cásanna infrastruchtúra straitéiseacha sa todhchaí. De réir an taithí atá faighte ag an mBord cheana féin, caithfidh na hurraitheoirí tionscadail níos mó aire a thabhairt ar dhá rud ach go háirithe, iadsan ná láithreán an tionscadail agus ag déileáil le hiarmhar, leacht agus solad. Ní leor sin láithreán a roghnú díreach toisc go bhfuil saoráid dramhaíola ann cheana féin nó go bhfuil sé i seilbh an urraitheora. Níl sé ceart ach oiread gan a mhíniú conas déileáil le hiarmhar dramhaíola. Caithfear suíomhanna a roghnú ar cúiseanna atá bunaithe ar fáthanna cuspóireacha, ag cur san áireamh, foinsí tíreolaíochta dramhaíola, na cainníochtaí, an méid iompair atá i gceist, tréithe chomhshaoil, talamhúsáidí reatha an suímh agus freisin na himpleachtaí timpeallachta a bhaineann le dramhaíl diúscartha. Caithfear nádúr agus an cainníocht dramhaíola a bheith curtha san áireamh in aon Ráiteas Tionchar Timpeallachta a bhaineann leis na tograí sin and an socrú atá beartaithe chun déileáil leis an hiarmhar dramhaíola. Muna ndéanfaí na rudaí seo bheadh sé beagnach curtha thar chumas an Bhoird a bheith sásta go mbeadh an togra inchothaithe maidir leis an gcomhshaoil, cibé chomh inmholta is a bheadh an togra.

TITHE ALTRANAIS

Toisc go bhfuil an daonra ag éirí níos sine timpeall na tíre tá méadú tar éis teacht ar an méid tithe altranais á chur ar fáil. Tá roinnt de na tithe seo ag teacht ós comhair an Bhoird mar achomhairc agus tugadh faoi deara go bhfuil cuid de na suíomhanna neamhoiriúnach maidir le cúrsaí pleanála agus fiú amháin neamhoiriúnach i gcomhair cónaitheoirí agus oibreoírí. Tá sé beartaithe roinnt de na tithe altranais ollmhóra a thógaint in áiteanna iargúlta úrnua i bhfad ó mbailte nó sráidbhailte, siopaí nó seirbhísí ar bith. Níl an Bord toilteannach cead a thabhairt ins cásanna seo mar meastar go bhfuil sé níos fearr na tithe altranais a bheith laistigh de bhailte atá ann cheana féin ina bhfuil seirbhísí poiblí le fáil agus seans ag na cónaitheoirí dul ag siopadóireacht nó áiseanna eile a úsáid nó bheith in ann dul ar siúl agus bualadh le muintir na háite. Tugadh faoi deara freisin go bhfuil fadhbanna ag baint le dearadh agus leagan amach na bhforbairtí seo agus nach bhfuil go leor spás oscailte le fáil ag na cónaitheoirí.

ÉISTEACHTAÍ Ó BHÉAL

Cé go láimhseálar an cuid is mó den hachomharc trí mean scríobhnóireachta, tá sé mar tuairim ag an mBord go bhfuil an t-éisteacht ó bhéal an-tábhachtach mar meán ghnó chun déileáil leis na cásanna níos tábhachtaí ionas go mbeifear in ann chuile eolais a chur ós comhair an phobail agus an fhorbairt a cheistiú chun go mbeifear in ann an chinneadh is fearr a dhéanamh.

Dúirt an tUasal Ó Conchúir, áfach, go bhfuil sé ar intinn aige go mbeidh na héisteachtaí ó bhéal á stiúradh ag an mBord ‘chomh tapaidh agus is féidir’ agus ‘gan aon fhoirmiúlacht mhíchuí’ mar atá sé leagtha amach faoin Acht. Tá inní ar an mBord go mbíonn roinnt dlíodóirí páirteach sna h-éisteachtaí ag dul thar fóir agus, cé go bhfaigheadh sé ceannlíne uaireanta, níl an saghas iompair seo oiriúnach do éisteacht ó bhéal pleanála. Cé nach bhfuil an Bord ag séanadh go bhfuil áit ann chun dlíodóirí cuidiú luachmhar a dhéanamh ag éisteachtaí ó bhéal, cuireann an saghas iompair seo le faid éisteachta, cuireann sé isteach ar aidhm cheart na héisteachta agus is féidir le seo cosc a chur ar an gCigire atá ag iarraidh díriú isteach chuig na mbunceisteanna pleanála agus timpeallachta chun tuairisc iomlán a sheoladh chuig an Bhoird. Anois is arís baineann na léirmheasanna seo le daoine áirithe freisin nach bhfuil ina dlíodóirí. Caithfidh daoine a bheith páirteach in éisteachtaí ó bhéal a bheith ag plé na bunceisteanna pleanála agus timpeallachta atá i gceist.

6ú Samhain, 2008
